Parlaimint na hEorpa
2024-2029

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P10_TA(2026)0096

Coigeartú dleachtanna custaim agus tionscnamh taraif-chuótaí i ndáil le hallmhairú d'earraí áirithe de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá

Leasuithe a ghlac Parlaimint na hEorpa an 26 Márta 2026 ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le coigeartú dleachtanna custaim ar allmhairiú earraí áirithe de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá agus le tionscnamh taraif-chuótaí i ndáil le hallmhairí d'earraí áirithe de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá (COM(2025)0471 – C10-0193/2025 – 2025/0261(COD))[1]

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

[1] Tarchuireadh an ní ar ais chuig an gcoiste freagrach le haghaidh idirbheartaíocht idirinstitiúideach de bhun Riail 60(4), an ceathrú fomhír (A10-0069/2026).

Leasú 1
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(1a) In Ordú Feidhmiúcháin 14257 an 2 Aibreán 2025 dar teideal Regulating Imports With a Reciprocal Tariff To Rectify Trade Practices That Contribute to Large and Persistent Annual United States Goods Trade Deficits [Rialú a Dhéanamh ar Allmhairí le Taraif Chómhalartach chun Cleachtais Trádála a Rannchuidíonn le hEasnaimh Trádála Earraí Mhóra agus Mharthanacha Bhliantúla na Stát Aontaithe a Cheartú], dhearbhaigh Uachtarán na Stát Aontaithe, Donald J. Trump éigeandáil náisiúnta de dheasca coinníollacha arna léiriú in easnaimh trádála earraí mhóra agus mharthanacha bhliantúla na Stát Aontaithe agus go raibh sé mar aidhm ag na Stáit Aontaithe sreafaí trádála domhanda a athchothromú trí dhleacht ad valorem breise a fhorchur ar allmhairí uile ó chomhpháirtithe trádála uile, cé is moite d'eisceachtaí. Áiríodh leis na bearta taraife sin de chuid na Stát Aontaithe taraif bhunlíne 10 % ar allmhairí uile, agus ríomhadh taraifí breise tírshonracha bunaithe ar chomharduithe trádála déthaobhacha. I gcás an Aontais, chiallaigh sé sin taraif 20 % ar fhormhór na dtáirgí, le héifeacht ón 9 Aibreán 2025, sa bhreis ar

tharaifí 25 % a athbhunaíodh roimhe sin ar chruach agus ar alúmanam a cuireadh chun feidhme an 12 Márta 2025. An 9 Aibreán 2025, d'fhógair an tUachtarán Trump sos 90 lá maidir le cur chun feidhme iomlán na dtaraifí sin, rud a laghdaigh ráta taraife an Aontais ó 20 % go dtí an bhonnlíne de 10 %. D'fhan na taraifí 25 % ar chruach, alúmanam agus gluaisteáin i bhfeidhm agus ardaíodh iad ina dhiaidh sin ó 25 % go 50 %, le héifeacht ón 4 Meitheamh 2025. Thairis sin, an 12 Iúil 2025, d'fhógair an tUachtarán Trump taraifí nua 30 % ar earraí an Aontais, le héifeacht ón 1 Lúnasa 2025. Leag na forbairtí sin béim ar a thábhachtaí a bhí sé creat cobhsaí a bhunú as a d'eascair, ar deireadh, an Ráiteas Comhpháirteach maidir le Creat-Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus na Stáit Aontaithe i ndáil le Trádáil Chómhalartach, Chóir agus Chothrom an 21 Lúnasa 2025.

Leasú 2
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 1 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(1b) Mar thoradh ar bhearta taraife na Stát Aontaithe a glacadh agus ar na bearta atá beartaithe, measadh le hanailísí eacnamaíocha go bhféadfadh laghdú idir 0,2 % agus 0,8 % ar an olltáirgeacht intíre (OTI) a bheith roimh an

	Aontas. Ba léir an tionchar ar mhargaí airgeadais trí luaineacht mhéadaithe, agus rioscaí ar leith ann d'earnálacha an Aontais atá ag brath go mór ar onnmhairí chuig na Stáit Aontaithe, amhail earnáil na ngluaisteán, earnáil na cógaisíochta agus earnáil an innealra.
Leasú 3 **Togra le haghaidh rialacháin** **Aithris 1 c (nua)**	
Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(1c) Thairis sin, tá an tAontas ag tabhairt aghaidh ar bhagairt ghéar agus mhéadaitheach, mar a cuireadh i bhfios go láidir sa Pháipéar Bán Comhpháirteach maidir le hUllmhacht Cosanta na hEorpa 2030, a bhaineann le coinbhleacht iomlán a bheith ann arís san Eoraip. Mar fhreagairt ar an dúshlán sin atá ag méadú, tá sé ríthábhachtach don Aontas gníomhaíocht chinntitheach a dhéanamh chun a acmhainneachtaí cosanta a áirithiú, lena n-áirítear trína chomhpháirtíocht dhomhain chuimsitheach thrasatlantach a chomhdhlúthú i réimsí na slándála, na hathléimneachta agus an chomhair thionsclaíoch agus a bhonn teicneolaíoch agus tionsclaíoch féin á neartú ag an am céanna, lena n-áirítear in earnálacha atá ábhartha do thionscail slándála agus chosanta an Aontais. Éilíonn cumais fheabhsaithe den sórt

sin cobhsaíocht agus intuarthacht i gcomhar le príomh-chomhpháirtithe, go háirithe na Stáit Aontaithe. Ní féidir leis an Aontas a ullmhacht chomhchoiteann a áirithiú agus freagairt go héifeachtach do na dúshláin gheopholaitiúla atá ann faoi láthair ach amháin trí chomhpháirtíocht iontaofa inoiriúnaithe agus lánurraim á tabhairt dá leasanna bunúsacha slándála. Thairis sin, dá laghdófaí taraifí ar allmhairiú táirgí tionsclaíocha agus atá chun cinn ó thaobh na teicneolaíochta de ón Aontas chuig na Stáit Aontaithe, neartófaí go mór an bonn tionsclaíoch trasatlantach agus chuirfí feabhas ar an gcomhar maidir le cumais nuálacha agus idir-inoibritheacha a fhorbairt. Chuideodh céim den sórt sin le caidreamh trádála níos cothroime agus níos comhthairbhí a áirithiú san earnáil straitéiseach sin, agus ag an am céanna rannchuideodh sí le hiomaíochas eacnamaíoch foriomlán agus le hathléimneacht slándála an Aontais. Dá n-ísleofaí na taraifí sin, sholáthrófaí freisin an chobhsaíocht agus an intuarthacht is gá le haghaidh gníomhaíocht thrasatlantach chomhpháirteach chun ár leasanna straitéiseacha comhroinnte a chosaint sa chomhthéacs geopholaitiúil atá ann faoi láthair, agus céim luachmhar a bheadh ann i dtreo comhar níos doimhne agus comhaontú cuimsitheach trasatlantach á fhorbairt

amach anseo.

Leasú 4
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 1 d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(1d) Athdhearbhaíonn an tAontas a thiomantas seasmhach do chóras iltaobhach trádála atá trédhearcach, cóir agus riailbhunaithe agus atá bunaithe ar phrionsabail na hEagraíochta Domhanda Trádála (EDT). I gcomhréir leis na Conarthaí, leanann an tAontas de bheith tiomanta dá luachanna agus dá leasanna a chur chun cinn ar an leibhéal domhanda, go háirithe trí thrádáil oscailte chothrom a chur chun cinn agus tríd an dlí idirnáisiúnta a threisiú. Is é EDT bunchloch an oird trádála dhomhanda i gcónaí agus is é an príomhfhóram é chun rialacha trádála idirnáisiúnta a fhorbairt, a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú. Tá dlúthchomhar le comhpháirtithe atá ar aon intinn leis, go háirithe na Stáit Aontaithe, ríthábhachtach chun an córas sin a chaomhnú agus a neartú, chun timpeallacht trádála dhomhanda intuartha agus riailbhunaithe a chosaint, chun an t-athchóiriú is gá ar EDT a chur chun cinn agus chun sásra dea-fheidhmiúil um réiteach díospóidí a bhaint amach.

Leasú 5
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 1 e (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(1e) Cé go bhfuil teannas tráchtála áirithe fós ann, tá siad á mbainistiú anois laistigh de chreat nuabhunaithe idirphlé agus comhordaithe. Tá an tAontas tiomanta i gcónaí a áirithiú go bhforbróidh an caidreamh trádála agus infheistíochta idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe san fhadtéarma i gcomhréir le prionsabail na saorthrádála córa idir na páirtithe, agus i gcomhréir le córas trádála riailbhunaithe EDT gan an bonn a bhaint de bhearta beartais trádála eile, lena n-áirítear i réimsí na cosanta trádála. Is é an cuspóir atá ann earnálacha breise a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo don Aontas a chuimsiú agus comhaontú a thabhairt i gcrích atá fréamhaithe i gcreat iltaobhach agus comhsheasmhach le córas trádála riailbhunaithe EDT.

Leasú 6
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 1 f (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(1f) I bhfianaise chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, chomh maith le coinbhleachtaí eile i gcomharsanacht an Aontais a bhaineann an bonn de

shlándáil an Aontais agus de shlándáil a shaoránach, tá sé ríthábhachtach go gcoinneoidh agus go neartóidh an tAontas a chomhpháirtíocht le príomh-chomhghuaillí tráth a bhfuil caidreamh den sórt sin ríthábhachtach. Sa chomhthéacs eisceachtúil sin, ceanglaítear ar an Aontas bearta urghnácha agus sealadacha a ghlacadh, a bhfuil údar cuí leo faoi Airteagal XXI de GATT (Eisceachtaí Slándála). Mar sin féin, níor cheart fasach a leagan síos le bearta aontaobhacha den sórt sin agus ba cheart iad a bheith fíor-eisceachtúil, comhréireach agus teoranta ó thaobh ama de i gcónaí, agus a gcineál sonrach á léiriú mar ghníomhaíochtaí a bhfuil údar leo ar fhorais slándála.

Leasú 7
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(3) Tá sé beartaithe ag an Aontas agus ag na Stáit Aontaithe gur túsphointe a bheidh sa Ráiteas Comhpháirteach, is é sin le rá gurb é an chéad chéim é de phróiseas a bheifear in ann a leathnú a thuilleadh le himeacht ama chun réimsí eile a chumhdach, chun leanúint ar aghaidh ag cur leis an rochtain atá acu ar mhargaí a chéile, agus chun a gcaidreamh trádála agus infheistíochta a mhéadú.	(3) Tá sé beartaithe ag an Aontas agus ag na Stáit Aontaithe gur túsphointe a bheidh sa Ráiteas Comhpháirteach, is é sin le rá gurb é an chéad chéim é de phróiseas a bheifear in ann a leathnú a thuilleadh le himeacht ama chun réimsí eile a chumhdach, chun leanúint ar aghaidh ag cur leis an rochtain atá acu ar mhargaí a chéile, agus chun a gcaidreamh trádála agus infheistíochta a mhéadú. ***Tá an tAontas tiomanta i gcónaí leanúint de dhul i mbun***

caibidlíochta leis na Stáit Aontaithe d'fhonn teacht ar chomhaontú comhthairbheach d'earnálacha tábhachtacha eile dá gheilleagar, amhail táirgí agraibhia, chomh maith le hearraí tionsclaíocha, le linn thréimhse fionraí iomláine nó páirtí na bhfabhar taraife nó na dtaraif-chuótaí arna ndeonú do na Stáit Aontaithe.

Leasú 8
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 5 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(5a) Ba cheart glacadh an Rialacháin seo a bheith gan dochar do cheart an Aontais frithbhearta a chur i bhfeidhm mar fhreagairt ar bhearta dochosanta arna nglacadh ag na Stáit Aontaithe.

Leasú 9
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(6) Ba cheart feidhm a bheith ag na dleachtanna custaim coigeartaithe ***agus*** ag na taraif-chuótaí ***fad a bheidh*** an Ráiteas Comhpháirteach á chur chun feidhme go héifeachtach ag na Stáit Aontaithe.	(6) ***Ós rud é gurb é príomhchuspóir an Ráitis Chomhpháirtigh creat soiléir a bhunú don trádáil thrasatlantach lena dtugtar cobhsaíocht agus intuarthacht a bhfuil géarghá leo d'onnmhaireoirí an Aontais, ba cheart gealltanais an Aontais faoin Ráiteas Comhpháirteach a chur ar fionraí mar thoradh ar aon ghníomhaíocht a***

dhéanann na Stáit Aontaithe a d'fhéadfadh an bonn a bhaint den chobhsaíocht agus den intuarthacht sin, bíodh sin trí bhagairt a dhéanamh go n-imeoidh siad óna ngealltanais faoin Ráiteas Comhpháirteach nó trí imeacht óna ngealltanais sin, nó mar thoradh aon ghníomhaíocht eile a théann i gcoinne mheon an Ráitis Chomhpháirtigh nó a chuireann isteach ar roghanna ceannasacha dlisteanacha an Aontais nó Ballstáit. Dá bhrí sin, níor cheart feidhm a bheith ag na dleachtanna custaim coigeartaithe ***ná*** ag na taraif-chuótaí ***ach amháin má tá*** an Ráiteas Comhpháirteach á chur chun feidhme go héifeachtach ag na Stáit Aontaithe ***agus fad a dhéanann siad amhlaidh. Le haon taraif nua mar thoradh ar aon imscrúdú reatha nó a dhéanfar amach anseo faoi Roinn 232 de chuid reachtaíochta na Stát Aontaithe nó atá bunaithe ar aon bhunús dlí comhchosúil eile, a thiocfadh i bhfeidhm tar éis shíniú an Ráitis Chomhpháirtigh, agus a sháraíonn an uasteorainn taraife uilechuimsitheach de 15 %, bhainfí an bonn de mheon an Ráitis Chomhpháirtigh agus de sprioc na cobhsaíochta agus, dá bhrí sin, mheasfaí gur sárú ar an Ráiteas Comhpháirteach í, agus ba cheart cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur ar fionraí mar thoradh uirthi.***

Leasú 10
Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 6 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(6a) Ós rud é nach féidir le ceart ceannasach agus daonlathach an Aontais chun rialála, agus an acquis communautaire, a bheith mar chuid de chaibidlíocht le haon tríú tír, ba cheart cur i bhfeidhm Airteagal 1 nó Airteagal 2 den Rialachán seo a chur ar fionraí i gcás aon iarracht ag na Stáit Aontaithe comhéigean eacnamaíoch a úsáid, de réir bhrí Airteagal 2(1) de Rialachán (AE) 2023/2675 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a], mar shampla trí tharaifí breise nó aon bheart eile a dhéanann difear do thrádáil nó d'infheistíocht a chur i bhfeidhm nó tríd an mbagairt go gcuirfear i bhfeidhm iad, chun scor, modhnú nó glacadh gnímh ar leith ag an Aontas nó ag Ballstát a chosc nó a fháil, chun cur isteach ansin ar roghanna ceannasacha dlisteanacha an Aontais nó Ballstáit. Sa bhreis ar chur i bhfeidhm Airteagal 1 nó Airteagal 2 den Rialachán seo a chur ar fionraí, ba cheart don Aontas na bagairtí nó na bearta sin arna n-úsáid ag na Stáit Aontaithe a chinneadh agus a scrúdú i gcomhréir le hAirteagail 4 agus 5 de Rialachán (AE) 2023/2675 agus, i gcás inarb ábhartha, bearta freagartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 8 den Rialachán sin. **_____**

	[1a] Rialachán (AE) 2023/2675 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Samhain 2023 maidir leis an Aontas agus a Bhallstáit a chosaint ar chomhéigean eacnamaíoch de dhéanamh tríú tíortha (IO L, 2023/2675, 7.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2675/oj).
Leasú 11 **Togra le haghaidh rialacháin** **Aithris 6 b (nua)**	
Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(6b) Ba cheart na bearta a leagtar síos sa Rialachán seo a bheith coinníollach ar ailíniú leanúnach na Stát Aontaithe le leasanna slándála an Aontais. Má ghníomhaíonn na Stáit Aontaithe ar bhealach a bhaineann an bonn go díreach ó leasanna slándála bunriachtanacha an Aontais nó a Bhallstát, lena n-áirítear a n-iomláine chríochach agus a ngné eacnamaíoch, agus a mbeartais eachtracha agus cosanta, ba cheart na sásraí fionraíochta faoin Rialachán seo a bheith ar fáil chun a áirithiú go leanfaidh beartas trádála an Aontais de bheith comhsheasmhach lena chuspóirí beartais sheachtraigh agus slándála.
Leasú 12 **Togra le haghaidh rialacháin** **Aithris 6 c (nua)**	

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(6c) Leis an Rialachán seo, deonaítear fabhair tharaife agus taraif-chuótaí leathana agus eisceachtúla do na Stáit Aontaithe, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le méaduithe ar allmhairí na n-earraí a chumhdaítear leis na fabhair agus na cuótaí sin, rud a d'fhéadfadh tionchar suntasach a imirt ar thionscal an Aontais. Ina theannta sin, glacadh an Rialachán seo gan measúnú tionchair a bheith ag gabháil leis, mar sin is deacair an tionchar eacnamaíoch a d'fhéadfadh a bheith aige a mheas tráth a ghlactha. Ar an gcúis sin, ba cheart sásra coimirce a bhunú, ar cheart é a bheith mar aidhm leis tionscal an Aontais agus earnáil na talmhaíochta a chosaint, i gcás ina n-eascródh méaduithe den sórt sin ar allmhairí earraí áirithe as fabhair tharaife agus taraif-chuótaí a dheonaítear leis an Rialachán seo le go ndéanfaí mórdhíobháil, nó go mbeadh an baol ann go ndéanfaí mórdhíobháil, do thionscal an Aontais. I gcás ina dtaifeadtar méadú níos mó ná 10 % ar mhéid allmhairí earra áirithe, ba cheart don Choimisiún scrúdú a dhéanamh chun a chinneadh an bhfuil an méadú sin ina chúis le mórdhíobháil, nó an bhfuil baol mórdhíobhála ann, do thionscal an Aontais.

Leasú 13
Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 6 d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(6d) Ní dhéantar foráil sa Ráiteas Comhpháirteach maidir leis an uasteorainn taraife 15 % a chur i bhfeidhm maidir le cruach agus alúmanam, agus dá bhrí sin tá na rátaí dleachta 50 % a thug na Stáit Aontaithe isteach roimhe seo fós i bhfeidhm. Chuir an tAontas agus na Stáit Aontaithe in iúl sa Ráiteas Comhpháirteach go bhfuil sé ar intinn acu machnamh a dhéanamh ar an bhféidearthacht comhoibriú chun a margaí intíre faoi seach a imfhálú ó ró-acmhainneacht cruach agus alúmanaim, agus slabhraí soláthair eatarthu féin á n-áirithiú ag an am céanna, lena n-áirítear trí réitigh taraif-chuótaí.

Leasú 14
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 6 e (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(6e) D'fhógair Roinn Tráchtála na Stát Aontaithe, an 19 Lúnasa 2025, go gcuirfí 407 gcatagóir táirgí le liosta na dtáirgí cruach agus alúmanaim 'díorthacha' a chumhdaítear le taraifí earnála faoi Roinn 232. Mar thoradh air sin, tá cion cruach agus alúmanaim na dtáirgí sin faoi réir ráta dleachta 50 %. Le forchur na dtaraifí sin agus na gceanglas anásta riaracháin

agus custaim, tar éis shíniú an Ráitis Chomhpháirtigh, tá méadú tagtha ar leibhéal na héagobhsaíochta sa trádáil idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe agus tá iarmhairtí tromchúiseacha eacnamaíocha ann do na cuideachtaí de chuid an Aontais lena mbaineann agus dá n-oibrithe. Déanann na taraifí sin difear díréireach freisin d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide an Aontais agus do thionscail iartheachtacha an Aontais, rud a bhaineann an bonn dá n-iomaíochas i margadh na Stát Aontaithe agus as a n-eascraíonn caillteanas fadtéarmach féideartha de sciar den mhargadh agus damáiste marthanach do shlabhraí soláthair tionsclaíocha trasatlantacha. Ba cheart don Aontas agus do na Stáit Aontaithe teacht ar chonclúid ghasta, a rachaidh chun tairbhe an dá thaobh, maidir leis an gcaibidlíocht atá ar siúl faoi láthair arb é is aidhm di na díospóidí taraife sin a réiteach agus caidreamh trádála trasatlantach cobhsaí a athbhunú. Sa chomhthéacs sin, ba cheart fionraí na ndleachtanna custaim ar allmhairí na dtáirgí sin scor d'fheidhm a bheith aige 6 mhí ó dháta tosaigh an chur i bhfeidhm dá dtagraítear in Airteagal 6, an tríú mír, mura rud é go dtiocfar, roimh dheireadh an dáta sin, ar réitigh inbhuanaithe atá inghlactha go frithpháirteach maidir le trádáil cruach, alúmanaim agus a dtáirgí díorthacha i gcomhar leis na Stáit Aontaithe. Thairis sin, i

gcomhthéacs na hionstraime de chuid an Aontais atá beartaithe lena dtugtar aghaidh ar na héifeachtaí diúltacha a bhaineann le trádáil atá ag ró-acmhainneacht dhomhanda ar mhargadh cruach an Aontais, ba cheart go mbeadh díchur na dtaraifí ar tháirgí cruach comhsheasmhach leis an ionstraim nua sin.

Leasú 15
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 6 f (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(6f) Ní chumhdaítear feithiclí tromshaothair agus a bpáirteanna leis an Ráiteas Comhpháirteach. I gcomhthéacs chur chun feidhme leanúnach an Ráitis Chomhpháirtigh, ba cheart don Aontas agus do na Stáit Aontaithe caitheamh le feithiclí tromshaothair agus lena bpáirteanna ar an mbealach céanna le gluaisteáin paisinéirí agus lena bpáirteanna, agus é mar aidhm iad a áireamh faoin taraif chomhréidh 15 %, agus le haghaidh gach birt ábhartha chun cóir chothrom agus chomhréireach a áirithiú i gcomhréir le cuspóirí an Ráitis Chomhpháirtigh.

Leasú 16
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(7) Chun ***coinníollacha aonfhoirmeacha*** a ***áirithiú maidir le cur chun feidhme*** an ***Rialacháin*** seo, ***ba cheart a thabhairt de chumhacht cur chun feidhme don Choimisiún cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur*** ar ***fionraí ach imthosca áirithe a theacht i gceist. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú*** i gcomhréir le ***Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle3***.	(7) Chun ***dáta tosaigh chur i bhfeidhm na bhfabhar taraife nó na dtaraif-chuótaí*** a ***dheonaítear do na Stáit Aontaithe leis*** an ***Rialachán*** seo ***a chinneadh***, ***na fabhair taraife nó na taraif-chuótaí a chur ar fionraí go hiomlán nó go páirteach agus liosta na n-earraí*** ar ***deonaíodh na fabhair tharaife ina leith a leasú,*** ba cheart ***an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe*** a ***ghlacadh*** i gcomhréir le ***hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún***. ***Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir*** leis ***na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[3]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile*** ag ***an am céanna leis*** na ***saineolaithe sna*** Ballstáit***, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe*** ar ***chruinnithe sainghrúpaí an Choimisiúin a bhíonn*** ag ***déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.***

_____

3 Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13, ELI: ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/182/oj).

_____

[3] ***IO L 123, 12.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2016/512/oj***

Leasú 17
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 8 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(8a) Tá rochtain ar mhargadh an Aontais coinníollach ar chomhlíonadh aon dlí is infheidhme de chuid an Aontais, lena n-áirítear Sásra an Aontais um Choigeartú Carbóin ar Theorainneacha, an Treoir maidir le Dícheall Cuí Inbhuanaithe Corparáideach agus rialacha frith-dhífhoraoisithe, gan beann ar an dlínse as a dtagann na táirgí, agus ba cheart an rochtain sin a bheith amhlaidh i gcónaí.

Leasú 18
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 8 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an	*Leasú*

gCoimisiún

(8b) Ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh, ar bhonn rialta, ar éifeachtaí an Rialacháin seo ar shreafaí trádála, ar leibhéil táirgeachta agus ar dhinimic praghsanna, a eascraíonn as Airteagal 1 agus Airteagal 2 a chur chun feidhme. Ba cheart don Choimisiún oibriú i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus le hearnálacha ábhartha thionscal an Aontais, lena n-áiritheofar bailiú córasach sonraí agus malartú rialta faisnéise chun gur féidir aon saobhadh nó míchothromaíochtaí sa mhargadh a shainaithint go tráthúil.

Leasú 19
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 8 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(8c) Is freagairt phráinneach é an Rialachán seo ar staid eisceachtúil agus luaineach agus d'fhéadfadh iarmhairtí forleathana a bheith aige. Dá bhrí sin, ba cheart a chur i bhfeidhm a bheith teoranta. Ba cheart an chéad tuarascáil mheastóireachta ar thionchar an Rialacháin seo ar thionscal an Aontais agus ar tháirgeoirí earraí bia mara agus earraí talmhaíochta, agus ar thomhaltóirí, a fhoilsiú faoin ... [6 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. Faoin... [6 mhí roimh dháta an deiridh le cur i bhfeidhm an

Rialacháin seo], ba cheart don Choimisiún measúnú tionchair cuimsitheach breise a thíolacadh, i gcás inarb iomchuí, agus togra reachtach ag gabháil leis chun síneadh a chur le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo. Ba cheart a chinneadh sa mheasúnú tionchair sin, inter alia, ar chruthaigh an Rialachán seo díobhálacha agus míchothromaíochtaí in earnálacha sonracha lena n-áirítear i ndáil le praghsanna agus cobhsaíocht an mhargaidh, an chaoi ar tháinig athrú ar phatrúin trádála an Aontais mar thoradh ar thrádáil idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe chomh maith le tionchar an Rialacháin seo, agus na réamhaisnéisí a bhaineann leis, ar bhuiséid an Aontais agus ar bhuiséid náisiúnta, i bhfianaise an laghdaithe ar ioncam ó tharaifí a bailíodh.

Leasú 20
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 8 d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(8d) Ba cheart Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a choinneáil ar an eolas go hiomlán, go rialta agus go tráthúil faoi fhorbairtí ábhartha i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus ba cheart dul i gcomhairle go cuí leo le linn an phróisis.

Leasú 21
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(9) I bhfianaise a thábhachtaí atá sé suaitheadh ar an gcaidreamh trádála agus infheistíochta idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe a sheachaint, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe.	(9) I bhfianaise a thábhachtaí atá sé suaitheadh ar an gcaidreamh trádála agus infheistíochta idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe a sheachaint, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe. ***Mar sin féin, tar éis rialú Chúirt Uachtarach na Stát Aontaithe maidir le húsáid an Achta um Chumhachtaí Eacnamaíocha Éigeandála Idirnáisiúnta chun taraifí bonnlíne a fhorchur ar chomhpháirtithe trádála na Stát Aontaithe agus na hathruithe ar leibhéil taraife ar roinnt táirgí de chuid an Aontais a sháraíonn na huasteorainneacha a comhaontaíodh sa Ráiteas Comhpháirteach, agus tar éis imscrúduithe nua Roinn 301 agus Roinn 232 atá ar siúl faoi láthair a sheoladh agus tar éis úsáid fhéideartha aon bhunús dlí eile, mar aon leis an éiginnteacht leanúnach trádála, is gá foráil a dhéanamh nach mbeidh feidhm ag na fabhair tharaife agus na taraif-chuótaí arna ndeonú ag an Aontas do na táirgí de thionscnamh na Stát Aontaithe a chumhdaítear leis an Rialachán seo ach amháin ón dáta a chinnfear le gníomh tarmligthe, nuair a chomhlíonfar na coinníollacha a leagtar síos sa Rialachán seo.***

Leasú 22

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 9 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(9a) Rinneadh measúnú ar impleachtaí an Rialacháin seo ar bhuiséad an Aontais[+] i gcomhréir le hAirteagal 310(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Ba cheart acmhainní leordhóthanacha airgeadais agus daonna a leithdháileadh chun [é/í] a chur chun feidhme, agus tionchar a [mhaoinithe/maoinithe] ar chláir nó beartais eile de chuid an Aontais á chur san áireamh agus a [chomhoiriúnacht/comhoiriún acht] leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil, leis an gcóras acmhainní dílse agus leis an gcomhaontú idirinstitiúideach comhfhreagrach, chomh maith leis na prionsabail bhuiséadacha a leagtar síos i Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] á háirithiú.
	_____
	[+]Pro memoria: Measúnú buiséadach ón gCoiste um Buiséid i bParlaimint na hEorpa an 11 Nollaig 2025 maidir leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le coigeartú dleachtanna custaim ar allmhairiú earraí áirithe de thionscnamh Stáit Aontaithe

Mheiriceá agus le tionscnamh taraif-chuótaí i ndáil le hallmhairí d'earraí áirithe de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá (COM(2025)0471).

[1] Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

Leasú 23
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Coigeartú dleachtanna custaim	Dleachtanna custaim ***a chur ar fionraí***

Leasú 24
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Na hearraí atá aicmithe faoi na cóid Ainmníochta Comhcheangailte (AC) a liostaítear in Iarscríbhinn I agus ar de thionscnamh na Stát Aontaithe iad, is ***0 %*** a bheidh sna dleachtanna custaim de chuid na Comhtharaife Custaim ar dleachtanna iad is infheidhme maidir le hallmhairí de na hearraí sin isteach san Aontas.	1. Na hearraí atá aicmithe faoi na cóid Ainmníochta Comhcheangailte (AC) a liostaítear in Iarscríbhinn I agus ar de thionscnamh na Stát Aontaithe iad, ***cuirfear ar fionraí*** na dleachtanna custaim de chuid na Comhtharaife Custaim ar dleachtanna iad is infheidhme maidir le hallmhairí de na hearraí sin isteach san Aontas.

Leasú 25
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. Gan dochar d'Airteagal 4b, scoirfidh fionraíocht na ndleachtanna custaim dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 den Airteagal seo d'fheidhm a bheith aici ón dáta a dtiocfaidh deireadh le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo dá dtagraítear in Airteagal 6, an dara mír.

Leasú 26
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Fionraíocht	***An cur i bhfeidhm*** a chur ar fionraí

Leasú 27
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Féadfaidh an Coimisiún ***gníomh cur chun feidhme*** a ghlacadh ***lena gcuirfear*** cur i bhfeidhm Airteagal 1 nó Airteagal 2 ***ar fionraí*** go hiomlán nó go páirteach sna himthosca seo a leanas:	***Tugtar de chumhacht don*** Choimisiún, ***i gcomhréir le hAirteagal 4d, gníomhartha tarmligthe lena leasaítear Iarscríbhinn I, Iarscríbhinn II nó Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo chun*** cur i bhfeidhm Airteagal 1 nó Airteagal 2 ***a chur ar fionraí*** go hiomlán nó go páirteach, ***tar éis scrúdú a dhéanamh bunaithe ar fhaisnéis chuí-réasúnaithe a bailíodh ar a thionscnamh féin***

nó a fuarthas ó aon fhoinse iontaofa, lena n-áirítear Ballstát, Parlaimint na hEorpa nó táirgeoirí de chuid an Aontais sna himthosca seo a leanas:

Leasú 28
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – fomhír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) i gcás nach gcuireann na Stáit Aontaithe an Comhráiteas chun feidhme nó ina mbainfidh siad an bonn ar shlí eile de na cuspóirí arna saothrú leis an gComhráiteas, nó i gcás ina mbaineann siad an bonn de rochtain oibreoirí eacnamaíocha an Aontais ar mhargadh na Stát Aontaithe, nó i gcás ina gcuireann siad isteach ar shlí eile ar an gcaidreamh trádála agus infheistíochta idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe;	(a) i gcás nach gcuireann na Stáit Aontaithe an Ráiteas Comhpháirteach chun feidhme nó ina mbainfidh siad an bonn ar shlí eile de na cuspóirí ***maidir le feabhas a chur ar an gcaidreamh trádála agus infheistíochta idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe agus na cuspóirí*** arna saothrú leis an Ráiteas Comhpháirteach c***hun trádáil chómhalartach, chóir agus chothrom a chur chun cinn***, nó i gcás ina mbaineann siad an bonn de rochtain oibreoirí eacnamaíocha an Aontais ar mhargadh na Stát Aontaithe, ***ina ndéanann siad idirdhealú in aghaidh oibreoirí eacnamaíocha an Aontais arb é is aidhm dóibh oibriú sna Stáit Aontaithe, nó atá ag oibriú iontu cheana***, nó ina ndíríonn siad orthu nó i gcás ina gcuireann siad isteach ar shlí eile ar an gcaidreamh trádála agus infheistíochta idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe;

Leasú 29
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – fomhír 1 – pointe a a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(aa) i gcás ina bhforchuirfidh na Stáit Aontaithe taraifí breise ar earraí a allmhairítear ón Aontas agus a sháraíonn an uasteorainn taraife 15 %, nó i gcás ina n-ardóidh siad nó ina bhforchuirfidh siad dleachtanna custaim nua nó dleachtanna, cánacha nó táillí eile ar earraí de chuid an Aontais ar bhealach ar bith eile agus go leanfaidh téarmaí an Ráitis Chomhpháirtigh de bheith infheidhme, nó ina modhnóidh siad an t-aicmiú táirgí agus é mar éifeacht leis sin go n-ardófar an leibhéal taraife;

Leasú 30
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – fomhír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) i gcás ina bhfuil tásca leordhóthanacha go ngníomhóidh na Stáit Aontaithe ar an mbealach dá dtagraítear i bpointe (a) amach anseo;	(b) i gcás ina bhfuil tásca leordhóthanacha go ngníomhóidh na Stáit Aontaithe ar an mbealach dá dtagraítear i bpointe (a) ***nó pointe (aa)*** amach anseo;

Leasú 31
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – fomhír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) i gcás inarb é de thoradh ar choigeartú na ndleachtanna custaim dá dtagraítear in Airteagal 1, nó ar thionscnamh na dtaraif-chuótaí dá	***scriosta***

dtagraítear in Airteagal 2, go dtiocfadh méadú ar na cainníochtaí a allmhairítear d'earra de thionscnamh na Stát Aontaithe, bíodh sé sin ina mhéadú de réir dearbhthéarmaí de nó ina mhéadú i gcoibhneas le táirgeadh intíre, ar méadú a d'fhágfadh, de bharr chomh mór agus a bheadh sé agus de bharr na ndálaí áirithe a bhainfeadh leis, go ndéanfaí mórdhíobháil do thionscal intíre an Aontais nó go mbeadh an baol ann go ndéanfaí mórdhíobháil dó;

Leasú 32
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – fomhír 1 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) i gcás ina bhfuil athrú tagtha ar imthosca oibiachtúla maidir leis na himthosca sin a bhí ann tráth a eisíodh an Comhráiteas.	(d) i gcás inar tháinig athrú ar imthosca oibiachtúla maidir leis na himthosca sin a bhí ann tráth a eisíodh an Ráiteas Comhpháirteach, ***go háirithe maidir le sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine, ar phrionsabail bhunúsacha an daonlathais agus ar an smacht reachta, chomh maith le bagairtí ar leasanna slándála bunriachtanacha an Aontais nó a Bhallstát, lena n-áirítear a n-iomláine chríochach agus a ngné eacnamaíoch, agus ar a mbeartais eachtracha agus chosanta***.

Leasú 33
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Is i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal ***4(2) a dhéanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh.***	***I gcás ina gcuirfidh an Coimisiún cur i bhfeidhm Airteagal 1 nó*** Airteagal ***2 ar fionraí go páirteach, leasóidh sé Iarscríbhinn I, Iarscríbhinn II nó Iarscríbhinn III trí na rátaí taraife is infheidhme, na taraif-chuótaí nó raon feidhme na n-earraí a chumhdaítear faoi seach a mhodhnú***.

Leasú 34
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1a. Gan dochar do Rialachán (AE) 2023/2675 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, i gcás ina gcuirfidh na Stáit Aontaithe taraifí breise nó aon bheart eile a dhéanann difear do thrádáil nó d'infheistíocht i bhfeidhm nó ina mbagróidh siad iad a chur i bhfeidhm chun scor, modhnú nó glacadh gnímh ar leith ag an Aontas nó ag Ballstát a chosc nó a fháil, rud a chuirfidh isteach ar roghanna ceannasacha dlisteanacha an Aontais nó Ballstáit, déanfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, scrúdú bunaithe ar fhaisnéis chuí-réasúnaithe arna bailiú ar a thionscnamh féin nó arna fáil ó aon fhoinse iontaofa, lena n-áirítear Ballstát, Parlaimint na hEorpa nó táirgeoirí de chuid an Aontais. I gcás gur thángthas ar chonclúid den sórt sin sa

scrúdú, tugtar de chumhacht don Choimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 4d, gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena leasaítear Iarscríbhinní I, II nó III a ghabhann leis an Rialachán seo chun cur i bhfeidhm Airteagal 1 nó Airteagal 2 den Rialachán seo a chur ar fionraí go hiomlán nó go páirteach.

Leasú 35
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1b. Más rud é, i gcás athrú tobann ar imthosca maidir leis na himthosca a bhí ann tráth a eisíodh an Ráiteas Comhpháirteach, lena ndéantar difear tromchúiseach do leasanna bunúsacha slándála an Aontais nó a Bhallstát, leasanna eacnamaíocha an Aontais, lena n-áirítear a n-iomláine chríochach agus a ngné eacnamaíoch, go n-éilítear amhlaidh ar mhórchúiseanna práinne, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 4e maidir le gníomhartha tarmligthe a ghlactar de bhun an Airteagail seo.

Leasú 36
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*

2. Beidh feidhm ag an ngníomh cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 fad a bheidh na himthosca dá dtagraítear i mír 1 fós ann.

2. Beidh feidhm ag na ***gníomhartha tarmligthe*** dá dtagraítear i ***míreanna 1, 1a agus 1b den Airteagal seo*** fad a mhairfidh na himthosca dá dtagraítear i ***míreanna 1, 1a agus 1b den Airteagal seo, faoi seach, agus in aon chás tráth nach faide ná an dáta a dtiocfaidh deireadh le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo dá dtagraítear in Airteagal 6, an dara mír***. ***I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún nach bhfuil feidhm a thuilleadh ag na cúiseanna lena dtugtar údar le fionraí, tugtar de chumhacht dó gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 4d, chun Iarscríbhinn I, Iarscríbhinn II nó Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo a leasú chun cur i bhfeidhm Airteagal 1 nó Airteagal 2 a athbhunú, nó, sa chás dá dtagraítear*** i mír 1, ***an dara fomhír, den Airteagal seo, chun na rátaí taraife bunaidh is infheidhme, na taraif-chuótaí nó raon feidhme na n-earraí a liostaítear in Iarscríbhinn I, Iarscríbhinn II nó Iarscríbhinn III, faoi seach, a athbhunú***.

Leasú 37
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Airteagal 4	***scriosta***
Nós imeachta coiste	
1. Déanfaidh an Coiste um Bacainní Trádála a bunaíodh le hAirteagal 7 de Rialachán	

(AE) Uimh. 2015/1843 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] cúnamh a thabhairt don Choimisiún.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

_____

[5] Rialachán (AE) 2015/1843 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2015 lena leagtar síos nósanna imeachta an Aontais i réimse an chomhbheartais tráchtála d'fhonn feidhmiú chearta an Aontais faoi rialacha trádála idirnáisiúnta a áirithiú, go háirithe na cearta sin a bunaíodh faoi choimirce na hEagraíochta Domhanda Trádála (códú) (IO L 272, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2015/1843/oj).

Leasú 38
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 4a
	Sásra coimirce
	1. Déanfaidh an Coimisiún faireachán rialta ar thionchar an Rialacháin seo ar mhargaí an Aontais. Tugtar de chumhacht don Choimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 4d, gníomhartha tarmligthe lena leasaítear Iarscríbhinn I, Iarscríbhinn II nó Iarscríbhinn III a ghabhann leis an

Rialachán seo chun cur i bhfeidhm Airteagal 1 nó Airteagal 2 a chur ar fionraí go hiomlán nó go páirteach go ceann tréimhse shealadach, tar éis scrúdú bunaithe ar fhaisnéis chuí-réasúnaithe a bailíodh ar a thionscnamh féin nó a fuarthas ó aon fhoinse iontaofa, lena n-áirítear Ballstát, Parlaimint na hEorpa nó táirgeoirí de chuid an Aontais, go dtiocfadh méadú ar na cainníochtaí a allmhairítear d'earra de thionscnamh na Stát Aontaithe, mar thoradh ar chur i bhfeidhm Airteagal 1 nó Airteagal 2, bíodh sé sin ina mhéadú de réir dearbhthéarmaí de nó ina mhéadú i gcoibhneas le táirgeadh intíre, ar méadú a d'fhágfadh, de bharr chomh mór agus a bheadh sé agus de bharr na ndálaí áirithe a bhainfeadh leis, go ndéanfaí mórdhíobháil do thionscal intíre an Aontais nó go mbeadh an baol ann go ndéanfaí mórdhíobháil dó.

2. Gan dochar do mhír 1, déileálfaidh an Coimisiún, de ghnáth, in éagmais léirithe dá mhalairt, le méadú ar mhéid allmhairí earra a chumhdaítear le hIarscríbhinn I, Iarscríbhinn II nó Iarscríbhinn III atá níos mó ná 10 % bliain ar bhliain, mar fhianaise prima facie ar mhórdhíobháil nó ar bhagairt mórdhíobhála do thionscal an Aontais. I gcás ina dtaifeadtar méadú den sórt sin ar mhéideanna allmhairí, tionscnóidh an Coimisiún scrúdú gan mhoill chun a chinneadh an bhfuil an méadú

ar mhéid na n-allmhairí ina chúis le mórdhíobháil, nó an bhfuil baol ann go mbeidh sé ina chúis le mórdhíobháil do thionscal an Aontais. Cuirfear an scrúdú i gcrích laistigh de 3 mhí tar éis a thionscanta. I gcás gur thángthas ar an gconclúid sa scrúdú go bhfuil an méadú ar mhéid na n-allmhairí ina chúis le mórdhíobháil, nó ag bagairt a bheith ina chúis le mórdhíobháil, do thionscal an Aontais, glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe, i gcomhréir le hAirteagal 4d.

3. Agus gníomh tarmligthe dá dtagraítear i mír 1 nó i mír 2 á ghlacadh aige, déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

(a) a mhéid a bhaineann leis na hearraí a chumhdaítear le hIarscríbhinní I agus II: Iarscríbhinn I nó Iarscríbhinn II a leasú dá réir sin chun na fabhair tharaife dá dtagraítear in Airteagal 1 a chur ar fionraí i gcás allmhairí na n-earraí lena mbaineann; nó

(b) a mhéid a bhaineann leis na hearraí a chumhdaítear le hIarscríbhinn III: Iarscríbhinn III a leasú dá réir sin chun cur i bhfeidhm an taraif-chuóta a osclaíodh le haghaidh na n-earraí lena mbaineann a chur ar fionraí.

4. Beidh feidhm ag na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo go dtí an dáta a dtiocfaidh deireadh le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo dá dtagraítear in Airteagal 6, an dara mír. I gcás ina gcinnfidh

an Coimisiún nach bhfuil feidhm a thuilleadh ag na cúiseanna lena dtugtar údar le fionraí, tugtar de chumhacht dó gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 4d, chun Iarscríbhinn I, Iarscríbhinn II nó Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo, faoi seach, a leasú chun cur i bhfeidhm Airteagal 1 nó Airteagal 2 a athbhunú.

5. Chun críche an Airteagail seo, ciallaíonn 'tionscal de chuid an Aontais' táirgeoirí an táirge chomhchosúil nó an táirge dhíriomaíoch le chéile, a oibríonn i gcríoch Páirtí, sin nó na táirgeoirí sin arb é atá ina n-aschur comhchoiteann den táirge comhchosúil nó den táirge díriomaíoch níos mó ná 50 % de ghnáth, agus in imthosca eisceachtúla, méid nach lú ná 25 % de tháirgeacht iomlán na dtáirgí sin; Áireofar leis an téarma 'táirgeoirí de chuid an Aontais' táirgeoirí earraí tionsclaíocha de chuid an Aontais, chomh maith le táirgeoirí bia mara agus earraí talmhaíochta de chuid an Aontais a chumhdaítear leis an Rialachán seo.

Leasú 39
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 4b
	Forálacha sonracha maidir le cruach, alúmanam agus a

dtáirgí díorthacha

1. I gcás na gcatagóirí earraí dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, scoirfidh fionraí na ndleachtanna custaim dá dtagraítear in Airteagal 1(1) d'fheidhm a bheith aige 6 mhí ó dháta tosaigh chur i bhfeidhm Airteagail 1, 2, 3, 4a agus 4b dá dtagraítear in Airteagal 6, an tríú mír.

2. Is iad seo a leanas na catagóirí earraí lena mbaineann:

(a) earraí a thagann faoi chód Ainmníochta Comhcheangailte 72;

(b) earraí a thagann faoi chód Ainmníochta Comhcheangailte 73;

(c) earraí a thagann faoi chód Ainmníochta Comhcheangailte 76.

3. Más rud é, roimh dháta deiridh an chur i bhfeidhm, dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, go bhfuil na Stáit Aontaithe tar éis a dtaraifí faoi seach ar tháirgí de thionscnamh an Aontais ina bhfuil cion cruach agus alúmanaim os cionn 50 % a laghdú go 15 % ar a mhéad, lena n-áirítear taraif na Náisiún Barrfhabhair (NBF) sna Stáit Aontaithe, tugtar de chumhacht don Choimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 4d, gníomh tarmligthe a ghlacadh chun dáta deiridh an chur i bhfeidhm, dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, a chur siar go dtí dáta nach déanaí ná dáta deiridh chur i bhfeidhm an Rialacháin seo dá dtagraítear in Airteagal 6, an

dara mhír.

Ní ghlacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe den sórt sin, fad a mhairfidh aon cheann de na himthosca chun an cur i bhfeidhm seo dá dtagraítear in Airteagal 3(1) nó (1a) a chur ar fionraí.

Leasú 40
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 4c
	Dáta tosaigh an chur i bhfeidhm a chinneadh
	1. Glacfaidh an Coimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 4d, gníomh tarmligthe lena leasaítear Airteagal 6, an tríú mír, chun an dáta óna mbeidh feidhm ag Airteagail 1, 2, 3, 4a agus 4b a chinneadh. Glacfaidh sé gníomh tarmligthe den sórt sin nuair a chomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas ar fad, agus sa chás sin amháin:
	(a) cuireann na Stáit Aontaithe ráta taraife i bhfeidhm nach airde ná ráta taraife na Náisiún Barrfhabhair (NBF) sna Stáit Aontaithe nó ráta taraife 15 % ar a mhéad, lena n-áirítear taraif NBF sna Stát Aontaithe, ar earraí de thionscnamh an Aontais;
	(b) ní chuireann na Stáit Aontaithe taraif NBF sna Stáit Aontaithe i bhfeidhm ach amháin maidir leis na táirgí seo a leanas de chuid an

Aontais: acmhainní nádúrtha nach bhfuil ar fáil, lena n-áirítear corc, gach aerárthach agus gach páirt aerárthaigh, cógais chineálacha agus a gcomhábhair, agus réamhtheachtaithe ceimiceacha;

(c) cuireann na Stáit Aontaithe ráta taraife 15 % ar a mhéad i bhfeidhm, lena n-áirítear taraif NBF sna Stáit Aontaithe, maidir leis na hearraí seo a leanas de thionscnamh an Aontais: cógaisíocht, leathsheoltóirí, adhmad, gluaisteáin agus páirteanna gluaisteán;

(d) cuireann na Stáit Aontaithe ráta taraife 15 % ar a mhéad i bhfeidhm ar tháirgí ina bhfuil cion cruach agus alúmanaim faoi bhun 50 %;

Thairis sin, agus an gníomh tarmligthe dá dtagraítear sa chéad fhomhír á ghlacadh, déanfaidh an Coimisiún measúnú i dtaobh ar thug na Stáit Aontaithe dearbhuithe foirmiúla, soiléire agus beachta gur comhlíonadh na coinníollacha dá dtagraítear i bpointí (a) go (d) den fhomhír sin agus go leanfar de na coinníollacha sin a chomhlíonadh amach anseo.

2. Ní ghlacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe i gcomhréir le mír 1, an chéad fhomhír, den Airteagal seo fad a mhairfidh aon cheann de na himthosca chun an Rialachán seo dá dtagraítear in Airteagal 3(1) nó (1a) a chur ar fionraí.

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 4d
	An tarmligean a fheidhmiú
	1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
	2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 3(1), (1a) agus (2), Airteagal 4a, Airteagal 4b agus Airteagal 4c a thabhairt don Choimisiún ón … [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] go dtí … [dáta dheireadh chur i bhfeidhm an Rialacháin seo dá dtagraítear in Airteagal 6, an dara mír].
	3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 3(1), in Airteagal 3(1a) agus (2), agus in Airteagal 4a, Airteagal 4b agus Airteagal 4c a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 3(1), (1a) agus (2), Airteagal 4a, Airteagal 4 agus Airteagal 4c i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Leasú 42
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 e (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*

Airteagal 4e

Nós imeachta práinne

1. Tiocfaidh gníomhartha tarmligthe a ghlactar faoin Airteagal seo i bhfeidhm gan mhoill agus beidh feidhm acu ar choinníoll nach ndéanfar agóid i gcomhréir le mír 2. Déanfar na cúiseanna le húsáid a bhaint as an nós imeachta práinne a lua san fhógra faoi ghníomhartha tarmligthe a thugtar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

2. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne gníomh tarmligthe i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 4d(6). I gcás den sórt sin, déanfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe a aisghairm láithreach tar éis do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis an gcinneadh agóid a dhéanamh.

Leasú 43
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 5a
	Measúnú tionchair agus tuairisciú
	1. Faoin... [6 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh an Coimisiún measúnú tionchair ar thionchair eacnamaíocha agus slándála an Rialacháin seo. Leis an measúnú tionchair

scrúdófar na nithe seo a leanas:

(a) tionchar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo ar gach allmhairiú agus onnmhairiú idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe; agus

(b) na hathruithe ar shreabhadh trádála agus na héifeachtaí dáileacháin ar fud na mBallstát agus na n-earnálacha.

2. Faoin… [6 mhí roimh dháta dheireadh chur i bhfeidhm an Rialacháin seo], tíolacfaidh an Coimisiún measúnú tionchair cuimsitheach breise. Scrúdófar sa mheasúnú tionchair, inter alia, an méid seo a leanas:

(a) tionchar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo ar gach allmhairiú agus onnmhairiú idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe;

(b) na hathruithe ar shreabhadh trádála agus na héifeachtaí dáileacháin ar fud na mBallstát agus na n-earnálacha;

(c) aon tionchar neamhtharaife sainaitheanta atá ábhartha don mhargadh inmheánach agus do thomhaltóirí;

(d) na héifeachtaí ar iomaíochas, táirgeoirí an Aontais, lena n-áirítear ar tháirgeoirí táirgí agraibhia an Aontais, agus FBManna;

(e) forbairtí polaitiúla an chaidrimh trádála agus infheistíochta idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe ó theacht i bhfeidhm an

Rialacháin seo;

(f) leibhéal an dul chun cinn sa chaibidlíocht idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe chun na gealltanais a leagtar amach sa Ráiteas Comhpháirteach a bhaint amach, lena n-áirítear cur chun feidhme na ngealltanas sin;

(g) cibé acu a chruthaigh an Rialachán díobhálacha agus míchothromaíochtaí in earnálacha sonracha lena n-áirítear maidir le praghsanna;

(h) an t-athrú atá tagtha ar phatrúin trádála an Aontais maidir le trádáil le tríú tíortha mar thoradh ar bheartas trádála na Stát Aontaithe agus ar chomhaontuithe déthaobhacha na Stát Aontaithe le tríú tíortha;

(i) tionchar agus tuartha an Rialacháin seo ar bhuiséid an Aontais agus ar bhuiséid náisiúnta, i bhfianaise an laghdaithe ar ioncam ó tharaifí a bhailítear;

(j) na himpleachtaí do leasanna slándála an Aontais agus don bheartas seachtrach, lena n-áirítear na himpleachtaí do bhallraíocht EDT;

(k) costais an ualaigh rialála a eascraíonn as taraifí na Stát Aontaithe a chomhall, lena n-áirítear maidir le dleachtanna Roinn 232.

Cuirfidh an Coimisiún na sonraí foluiteacha agus modheolaíocht a mheasúnuithe tionchair ar fáil don phobal.

	I gcás inarb iomchuí, beidh togra reachtach chun cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a shíneadh ag gabháil leis an measúnú tionchair dá dtagraítear sa chéad fhomhír. Sa chás sin, déanfar measúnú sa mheasúnú tionchair ar na cúiseanna uile atá le síneadh den sórt sin, lena n-áirítear i ndáil le leasanna slándála an Aontais agus a Bhallstát.
	3. Coinneoidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas, go rialta ag gach céim agus go tráthúil, faoi fhorbairtí ábhartha i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo. I bhfianaise na faisnéise a fuarthas, féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle a iarraidh, i gcás inarb iomchuí, ar an gCoimisiún tuairimí a mhalartú.

Leasú 44
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Teacht i bhfeidhm	Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Leasú 45
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Beidh feidhm aige ón … [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] go dtí … An 31

Márta 2028.

Leasú 46
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 1 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Ní bheidh feidhm ag Airteagail 1, 2, 3, 4a agus 4b, áfach, ach amháin ón dáta a chinnfear le gníomh tarmligthe a ghlactar i gcomhréir le hAirteagal 4c.